**Iarratas ar Uimhir Údaraithe le haghaidh Gluaiseachtaí Leantóirí Folmha Cruachta / Leantóirí 'droimiompair'**

Uimhir EORI:

Ainm na Cuideachta Iompair / Tarlaithe:

Seoladh (Eircode san áireamh):

Sonraí Teagmhála Fóin:

Líon Measta na lastas in aghaidh na seachtaine a bhfuil leantóirí 'droimiompair' ag baint leo:

**Seol an fhoirm iarratais chomhlánaithe chuig:**

**RoRoNCH@revenue.ie** – más trí Chalafort Bhaile Átha Cliath a dhéantar an chuid is mó de do lastais

**Rosslare@revenue.ie** – más trí Chalafort Ros Lár a dhéantar an chuid is mó de do lastais

**Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS):**
Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

**Coinníollacha maidir le hUimhir Údaraithe a úsáid le haghaidh Gluaiseachtaí Leantóirí Folmha Cruachta / Leantóirí 'Droimiompair'**

- Coinnigh taifid chuí* i bhfoirm a cheadaíonn na hÚdaráis Custam. Beidh an fhaisnéis agus na sonraí sna taifid agus cuirfidh sé seo ar chumas na nÚdarás Custam monatóireacht a dhéanamh ar ghluaiseacht na leantóirí folmha a iompraítear cruachta nó trí 'dhroimiompair'.

- Cuir an dearbhú riachtanach maidir le hiompar ceart na hoibríochta ar fáil.

- Cuir na hÚdaráis Custam ar an eolas faoi aon cheist a thagann aníos tar éis an t-údarú a dheonú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a leanúnachas.

- Cuir d'uimhir údaraithe isteach sa réimse cuí chun Fógra Réamhbhordála (FRB) a chruthú ina n-iompraítear leantóirí folmha cruachta / trí 'dhroimiompair'.

- Tá an uimhir údaraithe seo nasctha le d'uimhir EORI agus níor chóir í a roinnt le haon eintiteas eile. Mheasfaí gur sárú tromchúiseach é seo agus d'fhéadfadh d'uimhir údaraithe a chúlghairm dá bharr.

- Ná húsáid an uimhir údaraithe seo ach amháin nuair a iompraítear leantóirí folmha cruachta / trí 'dhroimiompair'.

- Tá an stádas FRB bunaithe ar chruinneas agus iomláine na sonraí a chuir tú ar fáil i do FRB. Ní mór gach MRN / uimhir údaraithe a chur leis an FRB nuair is gá agus ní mór an cineál gluaiseachta ceart a roghnú. Is cion tromchúiseach é loiceadh na hearraí uile a chur i láthair do Chustaim agus imeacht ón limistéar rialaithe custam gan imréiteach custam agus d'fhéadfadh pionós suntasach a bheith leis, lena n-áirítear ionchúiseamh.

***Taifid**

Ba chóir go léirítear an méid seo a leanas ar na taifid:
- Uimhir chláraithe / uimhir aitheantais an leantóra do gach gluaiseacht
- Aitheantas FRB
- Dáta

Sínithe: ____________________

Ainm: ____________________

Post sa chomhlacht: ____________________

Dáta: | L | L | M | M | B | B | B | B |

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs